Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**16953/25**
**ADD 1**

**ENER 689**
**ENV 1405**
**TRANS 655**
**ECOFIN 1764**
**RECH 566**
**DELACT 197**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Nollaig 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 8723 final - ANNEX |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN<br>lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le creat de chuid an Aontais maidir le poitéinseal téimh dhomhanda ar feadh saolré a ríomh ar bhonn náisiúnta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 8723 final - ANNEX.

---

Faoi iamh: C(2025) 8723 final - ANNEX

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.12.2025
C(2025) 8723 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le creat de chuid an Aontais maidir le poitéinseal téimh dhomhanda ar feadh saolré a ríomh ar bhonn náisiúnta**

# IARSCRÍBHINN

## GWP ar feadh saolré a ríomh i gcás foirgnimh nua de bhun Airteagal 7(2)

### 1. CREAT GINEARÁLTA

Leis an iarscríbhinn seo leagtar amach creat de chuid an Aontais maidir le GWP ar feadh saolré a ríomh ar bhonn náisiúnta d'fhonn na torthaí i ndeimhniú feidhmíochta fuinnimh an fhoirgnimh a nochtadh de bhun Airteagal 7(2). Chun comhlíonadh teorainnluacha a fhíorú de bhun Airteagal 7(5), féadfaidh na Ballstáit a chinneadh codanna áirithe de chéimeanna saolré agus codanna áirithe de raon feidhme comhpháirteanna foirgnimh a fhágáil ar lár, mar shampla trí chomhéifeachtaí ualaithe a bhaineann le dáta na n-astaíochtaí le linn shaolré an fhoirgnimh a chur i bhfeidhm.

Déanfar GWP ar feadh saolré foirgneamh nua a ríomh i gcomhréir leis na híoscheanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn seo agus de réir chodanna ábhartha chaighdeán EN 15978 (EN 15978:2011 Inbhuanaitheacht oibreacha foirgníochta. Feidhmíocht chomhshaoil foirgneamh a mheasúnú. Modh ríofa) agus aon chaighdeán ina dhiaidh sin a bhaineann le hinbhuanaitheacht oibreacha foirgníochta agus an modh ríofa chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht chomhshaoil foirgneamh á gcur san áireamh. Ní hionann sin agus códú dlíthiúil an chaighdeáin sin.

Léireoidh an GWP ar feadh saolré a nochtfar i ndeimhniú feidhmíochta fuinnimh an fhoirgnimh an chéim mar a tógadh.

### 2. TRÉIMHSE STAIDÉIR TAGARTHA

Déanfar an GWP ar feadh saolré a ríomh thar thréimhse staidéir tagartha 50 bliain[1].

### 3. SONRAÍ LE HAGHAIDH RÍOMHA

Úsáidfear sonraí arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 nó Rialachán (AE) 2024/3110, dá ngairtear 'sonraí atá ar fáil faoin Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta' i dTábla 1, nuair a bheidh siad ar fáil. Má tá siad comhoiriúnach le 'sonraí atá ar fáil faoin Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta', úsáidfear freisin sonraí arna n-eisiúint i gcomhréir le rialacháin táirgí arna nglacadh ar bhonn Threoir 2009/125/CE, Rialachán (AE) 2017/1369, nó Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], dá ngairtear 'sonraí atá ar fáil faoin reachtaíocht maidir le héicidhearthóireacht agus lipéadú fuinnimh' i dTábla 1. Mura bhfuil sonraí den sórt sin ar fáil, féadfar cineálacha eile sonraí dá dtagraítear sa Tábla 1 a úsáid. Áiritheoidh na Ballstáit an cruinneas agus an iontaofacht is airde is féidir maidir le torthaí ríomh GWP ar feadh saolré agus moltar dóibh úsáid sonraí tionscadalsonracha nó táirgeshonracha a cheadú, ar sonraí iad a bhfuil cáilíocht níos airde agus beachtas níos airde acu ná sonraí cineálacha nó luachanna réamhshocraithe.

Tábla 1 Forbhreathnú ar shainmhínithe ar chineálacha éagsúla sonraí faoi tháirgí foirgníochta

[1] Meastar gurb iomchuí an tréimhse thagartha sheasta 50 bliain d'fhonn torthaí inchomparáide a bhaint amach. Ba cheart í a thuiscint mar ghnáththagairt seachas mar shaol seirbhíse toimhdithe foirgneamh.

[2] Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú, lena leasaítear Treoir (AE) 2020/1828 agus Rialachán (AE) 2023/1542 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE (IO L 2024/1781, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1781/oj).

| Cineál sonraí | Sainmhíniú agus úsáid |
| --- | --- |
| Sonraí atá ar fáil faoin Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta | Sonraí táirge maidir leis na héifeachtaí ar an athrú aeráide a fhaightear ón dearbhú feidhmíochta agus comhréireachta faoi Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 nó Rialachán (AE) 2024/3110, lena n-áirítear dearbhú feidhmíochta agus comhréireachta a chumhdaítear le sonraíocht theicniúil chomhchuibhithe agus dearbhú feidhmíochta agus comhréireachta arna eisiúint i gcomhréir leis an doiciméad ábhartha um measúnú Eorpach agus leis an measúnú teicniúil Eorpach. |
| Sonraí atá ar fáil faoi reachtaíocht maidir le héicidhearthóireacht agus lipéadú fuinnimh | Sonraí comhoiriúnacha arna n-eisiúint i gcomhréir le rialacháin táirgí arna nglacadh ar bhonn Threoir 2009/125/CE, Rialachán (AE)2017/1369 nó Rialachán (AE) 2024/1781. |
| Sonraí tionscadalsonracha | Sonraí tionscadalsonracha arna ríomh i gcomhréir le caighdeán EN 15804 nó EN 50693 nó caighdeán comhoiriúnach, cé nár eisíodh iad faoi Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ná faoi Rialachán (AE) 2024/3110 ná faoi rialacháin táirgí arna nglacadh ar bhonn Threoir 2009/125/CE, Rialachán (AE) 2017/1369 nó Rialachán (AE) 2024/1781. Ní fhéadfar na sonraí sin a úsáid ach amháin má cheadaítear go sonrach iad leis an reachtaíocht náisiúnta. |
| Sonraí táirgeshonracha | Sonraí táirgeshonracha arna ríomh i gcomhréir le caighdeán EN 15804 nó EN 50693 nó caighdeán comhoiriúnach, cé nár eisíodh iad faoi Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ná faoi Rialachán (AE) 2024/3110 ná faoi rialacháin táirgí arna nglacadh ar bhonn Threoir 2009/125/CE, Rialachán (AE) 2017/1369 nó Rialachán (AE) 2024/1781. Ní fhéadfar na sonraí sin a úsáid ach amháin má cheadaítear go sonrach iad leis an reachtaíocht náisiúnta. |
| Meánsonraí le haghaidh grúpa táirgí i gcomhréir le caighdeán EN 15804 nó EN 50693 | Léiríonn sonraí comhshaoil earnála meán na dtáirgí iomadúla ó chuideachta amháin nó níos mó agus is comhlachais tionscail nó eagraíochtaí coibhéiseacha eile a chumhdaíonn an táirge a sholáthraíonn iad. Ní fhéadfar na sonraí sin a úsáid ach amháin má cheadaítear go sonrach iad leis an reachtaíocht náisiúnta. |
| Sonraí cineálacha | Sonraí comhshaoil cineálacha arna ríomh i gcomhréir le caighdeán EN 15804 nó EN 50693 nó caighdeán comhoiriúnach do ghrúpa táirgí le haghaidh tíre nó réigiúin. D'fhéadfadh sé nach sonraí a bhaineann go sonrach le suíomh nó le fiontar iad na sonraí sin. Leagfaidh na Ballstáit rialacha soiléire síos maidir leis an gcaoi a ndéanfar na sonraí sin a ghiniúint nó a ríomh, ar bhonn sonraí comhchosúla táirgeshonracha atá ann cheana. Beidh na rialacha sin bunaithe ar thoimhdí coimeádacha, ionas nach dtabharfar tús áite do |

| | |
|---|---|
| | shonraí cineálacha ar bhonn éagórach thar shonraí táirgeshonracha. Féadfaidh na Ballstáit sonraí cineálacha a bhunú le haghaidh táirgí foirgníochta athúsáidte, agus na tairbhí a bhaineann le cuir chuige chiorclacha á gcur san áireamh. |
| Luachanna réamhshocraithe | Féadfar sonraí comhshaoil arna ríomh i gcomhréir le caighdeán EN 15804 nó EN 50693 nó caighdeán comhoiriúnach a úsáid chun bearnaí sonraí a líonadh, i gcás nach bhfuil aon cheann de na cineálacha sonraí thuas ar fáil, nó i gcás inar gá an ríomh a shimpliú. Féadfar luachanna réamhshocraithe a leagan amach do raon feidhme sonrach eiliminte foirgnimh nó eilimintí foirgnimh iomadúla, nó do raon feidhme fomhodúil saolré nó modúil saolré, nó do raon feidhme fomhodúl saolré iomadúil nó modúl saolré iomadúil. Féadfaidh na Ballstáit luachanna réamhshocraithe a shocrú le toimhdí coimeádacha lena spreagtar an ríomh le sonraí sonracha nuair a bheidh siad ar fáil. Féadfaidh na Ballstáit sraith luachanna réamhshocraithe a shocrú lena n-áiritheofar gur féidir GWP ar feadh saolré foirgneamh nua a nochtadh, de bhun Airteagal 7(2), fiú in éagmais aon sonraí sonracha. |

Leagfaidh na Ballstáit amach rialacha soiléire, le cur chuige comhsheasmhach coimeádach, chun sonraí ginearálta agus luachanna réamhshocraithe a ghiniúint agus a thabhairt cothrom le dáta. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na sonraí is gá, lena n-áirítear sonraí cineálacha agus luachanna réamhshocraithe, ar fáil go poiblí, rud lena gcumasófar ríomh GWP ar feadh saolré foirgneamh nua faoi na dátaí a leagtar amach in Airteagal 7(2), lena n-áirítear i gcásanna nach bhfuil sonraí tionscadalsonracha nó táirgeshonracha ar fáil.

Maidir le cineálacha sonraí seachas sonraí atá ar fáil faoin Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta nó faoin reachtaíocht maidir le héicidhearthóireacht agus lipéadú fuinnimh, moltar do na Ballstáit ilroinnt an mhargaidh a theorannú trí aitheantas a thabhairt do shonraí iontaofa agus comhoiriúnacha atá ar fáil arna n-eisiúint in aon Bhallstát, lena n-áirítear sonraí táirgeshonracha agus sonraí tionscadalsonracha le tionscadal arna ríomh i gcomhréir le EN 15804 nó EN 50693 nó caighdeán comhoiriúnach. In aon chás, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun comhsheasmhacht agus comhoiriúnacht a áirithiú idir sonraí, agus na sonraí sin ó fhoinsí éagsúla á gcomhcheangal acu agus áiritheoidh siad go mbeidh na torthaí deiridh don GWP ar feadh saolré iontaofa.

## 4. ACHAR URLÁIR ÚSÁIDEACH

Sloinnfear GWP ar feadh saolré in aonaid kg CO2eq/m² d’achar urláir úsáideach.

Leagfaidh na Ballstáit amach conas a úsáidfear an sainmhíniú ar achar urláir úsáideach sa chleachtas chun GWP ar feadh saolré foirgneamh nua a ríomh. Comhfhreagróidh an t-achar urláir úsáideach d’achar na gcodanna den fhoirgneamh a chumhdaítear le ríomh GWP ar feadh saolré agus ní shínfidh sé thar an imchlúdach foirgnimh. Tabharfaidh na Ballstáit tuairisc ar an leibhéal náisiúnta ar an achar urláir úsáideach atá glactha i dtéarmaí achair éagsúla ar comhpháirteanna iad, mar a shainítear i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta

um Thomhas Maoine[3] nó i gcomhréir le caighdeán coibhéiseach, lena n-áirithítear trédhearcacht, comhsheasmhacht agus inchomparáideacht na dtomhas achair urláir.

Déanfar GWP ar feadh saolré a ríomh agus a nochtadh i ndeimhniú feidhmíochta fuinnimh an fhoirgnimh, i gcomhréir le hAirteagal 19 agus Iarscríbhinn V, nó i ndeimhniú feidhmíochta fuinnimh an aonaid foirgnimh i gcás inarb infheidhme. Más ábhartha, féadfaidh na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir le leithdháileadh na n-astaíochtaí ó chomhpháirteanna foirgnimh atá comhroinnte ag foirgnimh iomadúla. Áiritheofar leis na rialacha sin go mbeidh an ríomh GWP ar feadh saolré cothrom, trédhearcach agus comhsheasmhach ar fud foirgnimh agus tionscadail éagsúla.

## 5. RAON FEIDHME NA GCÉIMEANNA SAOLRÉ

Déanfar GWP ar feadh saolré a ríomh do gach céim saolré is gá, mar a leagtar amach i dTábla 2. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh aon chéim roghnach saolré a eisiamh ón ríomh, mar a leagtar amach i dTábla 2.

Le haghaidh gach céime saolré, nuair a chuirtear an iliomad cásanna ar fáil leis an bhfaisnéis atá ar fáil ar leibhéal an táirge, beidh an ríomh ar leibhéal an fhoirgnimh chomh hionadaíoch agus is féidir don tionscadal foirgníochta nó don fhoirgneamh. Nuair nach bhfuil faisnéis iontaofa ar fáil, nó nuair atá ríomh simplithe ábhartha, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh cead a thabhairt cás réamhshocraithe a úsáid le haghaidh an ríomha, bunaithe ar phrionsabal an cháis is measa.

Féadfaidh na Ballstáit luachanna réamhshocraithe a ghlacadh le haghaidh aon chéime saolré nó céime fo-shaolré i gcomhréir leis na ceanglais a bhaineann le sonraí le haghaidh ríomha a leagtar amach i Roinn 3 chun bearnaí sonraí a líonadh nó nuair is gá an ríomh a shimpliú.

Tábla 2 Céimeanna saolré le ríomh, de réir EN15978:2011 agus prEN15978: 2025 agus aon chaighdeán ina dhiaidh sin a bhaineann le hinbhuanaitheacht oibreacha foirgníochta agus an modh ríofa chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht chomhshaoil foirgneamh á gcur san áireamh

| **Céimeanna saolré** | | **Riachtanach/Roghnach** |
|---|---|---|
| **EN15978:2011** | **prEN15978:2025** | |
| A1: Soláthar amhábhar | A1: Eastóscadh agus táirgeadh réamhtheachtach | Riachtanach |
| A2: Iompar | A2: Iompar chuig an monarcha | Riachtanach |
| A3: Monaraíocht | A3: Monaraíocht | Riachtanach |
| A4: Iompar | A4: Iompar | Riachtanach<br>Féadfaidh na Ballstáit a roghnú an ríomh a theorannú d'fhaisnéis atá ar fáil ar leibhéal an táirge |

3 https://ipmsc.org/wp-content/uploads/2023/01/ipms-all-buildings-.pdf

| | | |
|---|---|---|
| | | agus do shonraí ginearálta coibhéiseacha nó do luach réamhshocraithe |
| A5: Próiseas suiteála tógála | A5: Próiseas suiteála tógála | Riachtanach<br><br>Féadfaidh na Ballstáit a roghnú próisis a bhaineann le scartáil réamhthógála agus iompar oibrithe foirgníochta chuig an láithreán agus uaidh a eisiamh. Má ríomhtar próiseas a bhaineann le scartáil réamhthógála nó iompar oibrithe foirgníochta chuig an láithreán agus uaidh, tuairisceofar na torthaí mar tháscairí ar leithligh |
| B1: Úsáid | B1: Úsáid<br><br>B1.1: Astaíochtaí ó ábhair agus ó charbónú<br><br>B1.2: Astaíochtaí éalaitheacha cuisneán | Riachtanach<br><br>Féadfaidh na Ballstáit a roghnú an ríomh a theorannú d'fhaisnéis atá ar fáil ar leibhéal an táirge agus do shonraí ginearálta coibhéiseacha nó do luach réamhshocraithe, lena n-áirítear an tionchar a bhaineann le hastaíochtaí éalaitheacha cuisneán |
| B2: Cothabháil | B2: Cothabháil | Riachtanach<br><br>Féadfaidh na Ballstáit a roghnú an ríomh a theorannú d'fhaisnéis atá ar fáil ar leibhéal an táirge agus do shonraí ginearálta coibhéiseacha nó do luach réamhshocraithe |
| B3: Deisiú | B3: Deisiú | Riachtanach<br><br>Féadfaidh na Ballstáit a roghnú an ríomh a theorannú d'fhaisnéis atá ar fáil ar leibhéal an táirge agus do shonraí ginearálta coibhéiseacha nó do luach réamhshocraithe |

| | | |
|---|---|---|
| B4: Athchur | B4: Comhpháirteanna foirgnimh a athsholáthar | Riachtanach<br><br>Socróidh na Ballstáit go soiléir ar an leibhéal náisiúnta an riail maidir leis an líon athsholáthairtí a chainníochtú le haghaidh na gcomhpháirteanna nó na dtáirgí atá le cur i bhfeidhm, mar shampla, uimhir dheachúil mheánach shimplí na n-athsholáthairtí, slánuimhir na n-athsholáthairtí<br><br>Nuair a bheidh sí ar fáil, úsáidfear faisnéis a bhaineann leis an tsaolré seirbhíse tagartha a chuirtear ar fáil i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 nó le Rialachán (AE) 2024/3110 nó le rialacháin táirgí arna nglacadh ar bhonn Threoir 2009/125/CE, Rialachán (AE) 2017/1369 nó Rialachán (AE) 2024/1781. |
| B5: Athchóiriú | B5: Athchóiriú | Roghnach |
| B6: Úsáid fuinnimh oibríochtúil | B6: Úsáid fuinnimh oibríochtúil<br><br>B6.1: Córais rialáilte atá comhtháite san fhoirgneamh (seirbhísí)<br><br>B6.2: Córais neamhrialáilte atá comhtháite san fhoirgneamh (seirbhísí)<br><br>B6.3: Úsáid eile fuinnimh a bhaineann le gníomhaíochtaí úsáideoirí foirgnimh | Riachtanach<br><br>Ba cheart an ríomh a bheith comhsheasmhach le ríomh na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa oibríochtúla, i gcomhréir leis an gcreat ginearálta comhchoiteann a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Féadfaidh na Ballstáit an ríomh a theorannú do chórais rialáilte atá comhtháite san fhoirgneamh (seirbhísí) a chumhdaítear leis an Treoir seo, agus dóibh sin amháin.<br><br>Má chinneann na Ballstáit fachtóirí réamhbhreathnaitheacha maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a cheadú le haghaidh na |

| | | |
|---|---|---|
| | | n-astaíochtaí oibríochtúla, tabharfar údar cuí leis na fachtóirí, beidh siad comhsheasmhach agus saineofar go soiléir iad don tréimhse staidéir tagartha iomlán<br><br>Déanfar leithdháileadh thionchair an fhuinnimh onnmhairithe i gcomhréir le caighdeán EN 15978. Tuairiscítear tionchar an fhuinnimh onnmhairithe i gcéim saolré D2 |
| B7: Úsáid uisce oibríochtúil | B7: Úsáid uisce oibríochtúil<br><br>B7.1: Córais fhíor-riachtanacha atá comhtháite san fhoirgneamh (leithris, cithfholcadáin, seomraí folctha, téamh, fuarú, aeráil, bogthaisiú, agus uisciú)<br><br>B7.2: Córais chomhtháite eile san fhoirgneamh (linnte snámha, sánaí etc.)<br><br>B7.3: Córais neamh-chomhtháite san fhoirgneamh (mar shampla, miasniteoirí tí, meaisíní níocháin, etc.) | Roghnach |
| | B8: Gníomhaíochtaí úsáideoirí atá comhtháite san fhoirgneamh, nach gcumhdaítear le B1-B7<br><br>B8.1: Daoine a iompar chuig an bhfoirgneamh agus uaidh<br><br>B8.2: Feithiclí leictreacha a luchtú laistigh den láithreán tógála<br><br>B8.3: Eile, amhail úsáid 'tomhaltáin' ar nós páipéar i gcás oifigí, nó troscán agus | Roghnach |

| | | |
|---|---|---|
| | trealamh nach bhfuil daingnithe don fhoirgneamh | |
| C1: Díthógáil | C1: Díthógáil / Scartáil | Riachtanach<br>Féadfaidh na Ballstáit a roghnú an ríomh a theorannú d’fhaisnéis atá ar fáil ar leibhéal an táirge agus do shonraí ginearálta coibhéiseacha nó do luach réamhshocraithe |
| C2: Iompar | C2: Iompar chuig próiseáil nó diúscairt dramhaíola | Riachtanach<br>Féadfaidh na Ballstáit a roghnú an ríomh a theorannú d’fhaisnéis atá ar fáil ar leibhéal an táirge agus do shonraí ginearálta coibhéiseacha nó do luach réamhshocraithe. |
| C3: Próiseáil dramhaíola le haghaidh athúsáide, athchúrsála agus/nó aisghabhála | C3: Próiseáil dramhaíola le haghaidh athúsáide, athchúrsála agus/nó aisghabhála | Riachtanach<br>Féadfaidh na Ballstáit a roghnú an ríomh a theorannú d’fhaisnéis atá ar fáil ar leibhéal an táirge agus do shonraí ginearálta coibhéiseacha nó do luach réamhshocraithe |
| C4: Diúscairt | C4: Diúscairt dramhaíola | Riachtanach<br>Féadfaidh na Ballstáit a roghnú an ríomh a theorannú d’fhaisnéis atá ar fáil ar leibhéal an táirge agus do shonraí ginearálta coibhéiseacha nó do luach réamhshocraithe |
| D: Tairbhí agus ualaí lasmuigh de theorainn an chórais | D1: Athúsáid, athchúrsáil agus aisghabháil fuinnimh mar thoradh ar ghlansreafaí ábhar ag imeacht ó theorainn an chórais | Riachtanach<br>Féadfaidh na Ballstáit a roghnú an ríomh a theorannú d’fhaisnéis atá ar fáil ar leibhéal an táirge agus do shonraí ginearálta coibhéiseacha nó do luach réamhshocraithe |

| | | |
|---|---|---|
| | D2: Tairbhí agus ualaí féideartha ó fhóntais onnmhairithe (mar shampla, fuinneamh leictreach, fuinneamh teirmeach, uisce inólta) | Riachtanach |

## 6. LEITHDHÁILEADH ASTAÍOCHTAÍ A BHAINEANN LE TOMHALTAS FUINNIMH FOIRGNIMH AGUS GINIÚINT AR AN LÁTHAIR

Leagtar amach i dTábla 3 na trí chur chuige a d'fhéadfadh a bheith ann chun astaíochtaí corpraithe a bhaineann le tomhaltas fuinnimh foirgnimh agus giniúint ar an láthair a leithdháileadh. Chun trédhearcacht, comhsheasmhacht agus cruinneas a áirithiú sa ríomh, roghnóidh na Ballstáit ceann de na cuir chuige a liostaítear i dTábla 3, is iad sin cur chuige A, cur chuige B1 nó cur chuige B2. Má ghlactar cur chuige B1 nó B2 ar an leibhéal náisiúnta, cuirfidh na Ballstáit na rialacha leithdháilte roghnaithe is gá don ríomh ar fáil go poiblí i gcomhréir leis an ríomh fuinnimh agus leis na caighdeáin ábhartha.

Chun GWP ar feadh saolré a ríomh, déanfar na hastaíochtaí oibríochtúla a bhaineann le tomhaltas fuinnimh foirgnimh agus giniúint ar an láthair le linn gach céime saolré a leithdháileadh i gcomhréir leis an rogha maidir le leithdháileadh na n-astaíochtaí corpraithe agus i gcomhréir le caighdeán EN 15978.

Tábla 3 Astaíochtaí corpraithe maidir le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite ar an láthair a ríomh

| **Fachtóir tionchair** | **Cur Chuige A** | **Cur chuige B1 nó B2** | |
|---|---|---|---|
| Cineál leithdháilte astaíochtaí corpraithe ó *chomhpháirteanna stórála* fuinnimh ar an bhfoirgneamh | Leithdháileadh iomlán ar an bhfoirgneamh | | |
| Cineál leithdháilte astaíochtaí corpraithe ó *chodanna eile den chóras* ar an bhfoirgneamh | Leithdháileadh iomlán ar an bhfoirgneamh | **B1:** Leithdháileadh comhréireach ar an bhfoirgneamh bunaithe ar sciar an fhuinnimh ghafa/ghinte a úsáidtear le haghaidh féintomhaltais | **B2**: Leithdháileadh ar an bhfoirgneamh le haghaidh comhpháirteanna arna gcomhtháthú san imchlúdach foirgnimh agus lena ndéantar a dhromchla, chomh maith le leithdháileadh comhréireach na n-astaíochtaí |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | corpraithe atá fágtha ar an bhfoirgneamh bunaithe ar sciar an fhuinnimh ghafa/ghinte a úsáidtear le haghaidh féintomhaltais |

## 7. Raon feidhme na neilimintí foirgnimh agus an trealaimh theicniúil

Áireofar i ríomh GWP ar feadh saolré na heilimintí tógála agus an trealamh teicniúil a liostaítear i Leibhéal 2 faoin gcatagóir sceall agus croí i dTábla 4ar a laghad. Áiritheoidh na Ballstáit ríomh GWP ar feadh saolré atá cuimsitheach agus cruinn, ina ndéanfar cur síos soiléir ar eilimintí foirgnimh agus ar threalamh teicniúil foirgnimh ar an leibhéal náisiúnta is gá chun GWP ar feadh saolré a ríomh. Chuige sin, féadfaidh na Ballstáit na samplaí a léirítear i Leibhéal 3 agus i Leibhéal 4 de Thábla 4 a leanúint agus aon diall substaintiúil a sholáthar sa reachtaíocht náisiúnta.

Déanfar eilimintí foirgnimh agus trealamh teicniúil nó córais theicniúla arna gcumhdach ag deimhniú feidhmíochta fuinnimh an fhoirgnimh mheasúnaithe a chur san áireamh sa ríomh má mheasann Ballstát gurb é úinéir an fhoirgnimh atá freagrach go páirteach nó go heisiach as a n-úinéireacht agus as a gcothabháil[4], fiú má tá siad lasmuigh den fhoirgneamh measúnaithe agus neamhspleách ó thaobh struchtúir de. Nuair atá eilimintí foirgnimh agus trealamh teicniúil lasmuigh den fhoirgneamh measúnaithe agus neamhspleách ó thaobh struchtúir de, cuirfear na hastaíochtaí a bhaineann leis na heilimintí foirgnimh agus an trealaimh theicniúil sin san áireamh san anailís ar charbón corpraithe agus ar charbón oibríochtúil, ach ní chuirfear a n-achar urláir san áireamh le haghaidh na n-achar urláir.

Féadfaidh na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar shonraí ginearálta nó luachanna réamhshocraithe a ghlacadh le haghaidh aon cheann de na heilimintí a luaitear sna leibhéil i dTábla 4, i gcomhréir leis na ceanglais a bhaineann le sonraí le haghaidh ríomha a leagtar amach i Roinn 3 chun bearnaí sonraí a líonadh nó nuair is gá an ríomh a shimpliú.

Tábla 4 Raon feidhme ordlathach na n-eilimintí foirgnimh agus an trealaimh theicniúil

| **Leibhéal 1** | **Leibhéal 2** | **Leibhéal 3 (sampla)** | **Leibhéal 4 (samplaí)** |
|---|---|---|---|
| Sceall | Fostruchtúr | Bunphíleáil agus fophíleáil | Pílí buana agus cásúin bhuana |

4 Áirítear an méid seo a leanas ar shamplaí sonracha de chórais theicniúla foirgneamh a d'fhéadfaí a chur san áireamh sna eilimintí lárnacha: painéil gréine chomhtháite, eagair theirmeacha gréine atá feistithe ar dhíon, eagair painéal gréine nó eagair theirmeacha gréine arna suiteáil ar thalamh comhchoiteann, córais téimh ceantair áitiúil, nó córas teaschaidéil ó fhoinse talún arna shuiteáil faoi thalamh. Ní féidir ach córais theicniúla a thógtar mar chuid den tionscadal tógála nua a chur san áireamh. D'fhéadfadh go mbainfeadh úinéireacht go heisiach le foirgneamh amháin nó le grúpa coiteann d'aonaid foirgnimh (e.g. bloic árasán). Is gné choiteann a ghabhann le húinéireacht a bheith freagrach as aon chothabháil, deisiú agus uasghrádú ar an gcóras teicniúil a íoc. I gcásanna úinéireachta comhchoitinne, ba cheart carbón corpraithe iomlán an chórais theicniúil uile a roinnt go comhréireach idir na haonaid foirgnimh úinéara.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | Fothaca |
| | | Fotha | Taobhthacaí |
| | | | Bonnra rafta, caidhpeanna píle, boinn cholúin, bonnra balla; bíomaí strapála, bíomaí ceangail |
| | | | Ballaí agus colúin fostruchtúir |
| | | | Leaca urláir talún agus bíomaí (nuair atá íoslach san fhoirgneamh, ba cheart leaca íochtair íoslaigh a chomhaireamh laistigh den chatagóir ábhartha de Leibhéal 3 'Eilimintí íoslaigh') |
| | | | Claiseanna ardaitheora (leaca agus ballaí) |
| | | Eilimintí íoslaigh | Taobhthacaí íoslaigh |
| | | | Leaca íochtair agus réamhscreamh íoslaigh |
| | | | Ballaí coinneála |
| | | | Ballaí, teanntáin agus colúin struchtúracha íoslaigh |
| | | | Bíomaí, giarsaí, teanntáin agus leaca íoslaigh |
| | | | Staighrí íoslaigh agus rampaí |
| | | | Umar ingearach uiscedhíonach, brat draenála, draenacha agus balla craicinn |
| | | | Umar cothrománach uiscedhíonach, brat draenála, draenacha agus leac barráin |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | Insliú íoslaigh |
| | | | Claiseanna ardaitheora, claiseanna sloic, muinchillí |
| | | Obair ilchodach, obair réamhdhéanta agus obair iloibríochtaí le haghaidh 'Fostruchtúr'[5] | |
| | Struchtúr | Frámaí agus leaca (os cionn bharr leac urláir talún) | Ballaí, giarsaí agus colúin struchtúracha |
| | | | Bíomaí, giarsaí, teanntáin agus leaca urláir uachtair |
| | | | Bíomaí, giarsaí, teanntáin agus leaca dín |
| | | | Staighrí (ar cuid den struchtúr iad) |
| | | | Dódhíonadh ar struchtúr cruach |
| | | Tancanna, linnte agus ilnithe | Ach amháin nuair atá sé suite laistigh den imchlúdach foirgnimh (a áirítear in oibreacha seachtracha) |
| | | Obair ilchodach, obair réamhdhéanta agus iloibríochtaí le haghaidh 'Struchtúr'[6] | |
| | Oibreacha ailtireachta seachtracha (neamhstruchtúrach) | Aghaidh | Ballaí agus gnéithe seachtracha neamhstruchtúracha |
| | | | Bailchríocha do bhallaí seachtracha seachas cumhdra |
| | | | Cumhdra aghaidhe agus imbhallaí |

5 Insliú, uiscedhíonadh, scríd, naisc, feistis nó eilimintí le haghaidh draenála, eilimintí le haghaidh seirbhísí a chuirtear isteach nó a chuirtear i bhfeidhm in éineacht leis na hoibreacha fostruchtúracha ach nach n-áirítear cheana faoi iontrálacha sonracha sa Tábla 4 seo nó in áiteanna eile.

6 Dódhíonadh, insliú, uiscedhíonadh, scríd, naisc, feistis, rampaí, foirmeánacht bhuan, struchtúir *mezzanine*, tacaí le haghaidh suíocháin srathacha, bealaí cothabhála nó eilimintí eile a chuirtear isteach nó a chuirtear i bhfeidhm in éineacht leis na hoibreacha struchtúracha ach nach n-áirítear cheana faoi iontrálacha sonracha sa Tábla 4 seo nó in áiteanna eile.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | Fuinneoga seachtracha |
| | | | Doirse seachtracha |
| | | | Aghaidheanna siopa seachtracha |
| | | | Comhlaí rollacha agus comhlaí dóiteáin |
| | | Díon | Bailchríocha dín |
| | | | Fuinneoga Dín |
| | | | Uiscedhíonadh |
| | | | Insliú |
| | | | Tírdhreachú dín (crua agus bog) |
| | | Obair ilchodach, obair réamhdhéanta agus iloibríochtaí le haghaidh 'Saothair ailtireachta sheachtracha (neamhstruchtúracha)'[7] | |
| Croí | Oibreacha ailtireachta inmheánacha nó faoi chlúdach (neamhstruchtúrach) | Rannáin inmheánacha | Ballaí agus deighiltí inmheánacha neamhstruchtúracha |
| | | | Insliú |
| | | | Aghaidheanna siopaí inmheánacha |
| | | | Cubhachailí leithris |
| | | | Deighiltí inghluaiste |
| | | | Seomraí fuara |
| | | | Doirse inmheánacha |
| | | | Fuinneoga inmheánacha |
| | | | Comhlaí rollacha agus comhlaí dóiteáin |

[7] Dódhíonadh, insliú, uiscedhíonadh, scríd, naisc agus fosúcháin ar an struchtúr, feistis, rampaí, gairis scáthaithe, lúvair, sceimhleacha, cosaint feithidí, cóimeálacha gríle, uchtbhallaí, ráillí, ballaí glasa, simléir nó eilimintí eile a chuirtear isteach nó a chuirtear i bhfeidhm in éineacht leis na hoibreacha ailtireachta seachtracha ach nach n-áirítear cheana faoi iontrálacha sonracha anseo nó in áiteanna eile.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | Ilobair choincréite |
| | | Feistis agus ilnithe | Balastráidí, ráillí agus lámhráillí |
| | | | Staighrí agus caolbhealach nach cuid den struchtúr iad, catdréimirí |
| | | | Caibinéid, cófraí, stórais, taisceadáin, suíocháin, seilfeanna, cuntair, binsí[8] ionsuite. |
| | | | Gnéithe maisiúla ionsuite |
| | | | Painéil rochtana |
| | | Bailchríocha faoi chlúdach | Bailchríocha urláir (inmheánach agus seachtrach (is é sin le rá, faoi chlúdach nó i mbalcóiní)) |
| | | | Bailchríocha ballaí inmheánacha agus cumhdra |
| | | | Bailchríocha síleála agus síleálacha bréagacha (inmheánach nó seachtrach) |
| | | | Insliú |
| | | Obair ilchodach, obair réamhdhéanta agus iloibríochtaí le haghaidh 'oibreacha ailtireachta inmheánacha nó faoi chumhdach (neamhstruchtúrach)'[9] | |
| | Seirbhísí agus trealamh tógála: Córais uisce agus | Earraí sláintíochta | Leithris, sistéil, tráidirí cithfholcadáin, folcadáin, sconnaí, rialuithe, sconnaí |

8 Tagraíonn ionsuite d'ionchorprú na ngnéithe ábhartha foirgnimh le linn chéim na tógála agus sula n-aistrítear an foirgneamh chuig an úinéir.

9 Dódhíonadh, insliú, uiscedhíonta, scríd, naisc agus fosúcháin ar an struchtúr nó ar bhealaí cothabhála, frámáil, séalú, greamacháin, urláir shaora, urláir chrochta, bailchríocha, marcanna líne, cóiriú, cláir sciorta, feistis, rampaí, cóimeálacha gríle, uchtbhallaí, ráillí, tinteáin nó eilimintí eile a chuirtear isteach nó a chuirtear i bhfeidhm in éineacht leis na hoibreacha ailtireachta inmheánacha ach nach n-áirítear cheana faoi iontrálacha sonracha sa Tábla 4 seo nó in áiteanna eile.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | córais a bhaineann le fuíolluisce | | cinn cithfholcadáin, aonaid bháisín, doirtil, téitheoirí uisce the ar an toirt |
| | | Córais fuaruisce | Teirmeastat, méadair theirmeacha, méadair fuaruisce, caidéil/tacar treiseoirí, méadair eile, píbobair, insliú píopaí, taca/crochadán, cosaint ar shioc agus trealamh téimh riain |
| | | Uisce fuar a stóráil | Umar stórála móide aon chóras cóireála agus scagacháin le haghaidh rialú cáilíochta uisce |
| | | Draenáil uisce dromchla / uisce báistí / uisce bréan | Píopaí, insliú, taca, umar stórála uisce báistí, maolú, asraonta, caidéil, fanphíobáin, píobánra séarachais, píobánra comhdhlútháin, insliú, taca, sistéal, gaistí, caidéal, draein |
| | | Córais athúsáide uisce | Umar stórála buainte uisce liath/ uisce báistí, píbobair agus trealamh cóireála laistigh den líne tógála |
| | Seirbhísí agus trealamh tógála: Córais téimh | Trealamh giniúna teasa agus uisce the | Coire gáis/leictreach, teaschaidéil aeir/uisce/talún, fuaraitheoir, téitheoir uisce áitiúil, sorn dóite adhmaid, coire bithmhaise, téamh teirmeach gréine agus córais uisce the. Áirítear córais téimh chomhchoiteanna atá suite laistigh de lorg an fhoirgnimh sa raon feidhme sin suas go dtí pointe an mhéadair. Lasmuigh den mhéadar, meastar gur cuid den líonra dáileacháin iad na córais sin. Áireofar clais agus ilphíobán fiú má tá siad |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | lasmuigh de lorg an fhoirgnimh. Teasmhalartóir pláta a nascann le líonra téimh ceantair. Áireofar trealamh giniúna uisce the (mar shampla, calaraitheoir) freisin. |
| | | Dáileachán teasa agus uisce the, rialú, gabhálais, astaírí, malartóirí/aonaid teirminéil | Radaitheoir leictreach, radaitheoir fliuch, téamh faoin urlár, aonad comhéadain teasa, teasmhalartóir pláta, caidéil, lasc-chlár meicniúil, aonad brúchóirithe, pota dáileoige, rialaitheoir ciorcaid brainse, díthaisire, gléasadh tonnchreatha, teirmeastat, méadair theirmeacha, méadar uisce the, píbobair, insliú píopaí, taca/crochadán, cosaint ar shioc agus trealamh téimh riain |
| | | Trealamh teirmeastórála | Stóras uisce te, soitheach maolánach, soitheach borrtha |
| | Seirbhísí agus trealamh tógála: Córais fuaraithe thiomnaithe (má dhéanann córas téamh agus fuarú araon, tiocfaidh sé faoi raon feidhme 'córais téimh' amháin) | Trealamh giniúna fuaraithe | Túr fuaraithe, aonaid ghaothráin agus chorna, aerchóiritheoir. |
| | | Astaíre fuaraithe, malartóirí/aonaid teirminéil, gabhálais agus rialú, dáileadh, stóráil | Stóras fuaruisce, soitheach maolánach, soitheach borrtha le haghaidh fuarú, caidéil, lasc-chlár meicniúil, aonad brúchóirithe, pota dáileoige, rialaitheoir ciorcaid brainse, díthaisire, gléasadh tonnchreatha, teirmeastat, méadair theirmeacha, méadar fuaruisce, píbobair, insliú píopaí, taca/crochadán, cosaint ar shioc agus trealamh téimh riain |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Seirbhísí agus trealamh tógála: Córais aerála | Gluaiseacht aeir | Gaothráin, aeráil mheicniúil le haisghabháil teasa, aonaid láimhseála aeir, gaothráin síleála, aeráil cistine, cuirtíní aeir |
| | | Teirminéil aeir | Idirleatóirí, gríleanna, córais le toirt athraitheach aeir, córais le toirt tairiseach aeir, lúvar |
| | | Duchtobair agus gabhálais | Duchtobair, insliú, taca, duchtobair dóiteánrátaithe, taca |
| | | Maolairí rialaithe, maolú agus sábháilteacht dóiteáin a bhaineann le trealamh aerála | Maolaire athraitheach toirte aeir, maolaire rialaithe toirte, maolaire dóiteáin, eastóscadh múiche agus deataigh, maolaire múchta dóiteáin innealta, brúchóiriú staighre, gaothráin dóiteánrátaithe, maolairí faoisimh brú, rialuithe, lúvair, eastóscán gáis, laghdú fuaime |
| | Seirbhísí agus trealamh tógála: Córais soilsithe | Soilsiú inmheánach | Daingneáin solais inmheánacha, asraon, comhchumar, soicéad, rialú solais, cábla, lasc |
| | | Soilsiú seachtrach (suite ar fhoirgneamh) | Lampaí/ cuaillí/ tacaí etc. atá suite san fhoirgneamh. Daingneáin solais sheachtracha, asraon, comhchumar, soicéad, rialú solais, cábla, lasc |
| | | Soilsiú éigeandála | Soilse éigeandála, rialtáin, cábla, lasc |
| | | Soilsiú eile | Soilsiú tascanna, soilsiú stáitse/siamsaíochta, soilsiú taispeána miondíola, soilsiú ailtireachta lena n-áirítear daingneán solais gaolmhar, asraon, comhchumar, soicéad, rialú solais, cábla, |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | lasc |
| | Seirbhísí agus trealamh tógála: Seirbhísí leictreacha le haghaidh cumhachta, cumarsáide, slándála, TF agus brath dóiteáin | Cumhacht leictreach | Lena n-áirítear suiteálacha inmheánacha agus suiteálacha atá suite i bhfoirgnimh. Cábla cumhachta, coimeád tráidirí cáblaí, clár painéil/dáileacháin, trealamh cúltaca, busbharra, claochladán, soicéid/lascaí, boscaí urláir, braiteoirí, ardvoltas, meánvoltais, ísealvoltas, cumhacht bheag, coimeád |
| | | Voltas Rí-Íseal/cumarsáid/slándáil | córais voltais rí-ísil. Trealamh cumarsáide agus closamhairc. Slándáil: Trealamh teilifíse ciorcaid iata (TCI), braiteoirí slándála agus aláraim. |
| | | TF agus sonraí | Trealamh TF: aon rud a bhaineann le sonraí, mar shampla, trealamh Wi-Fi, freastalaí, cáblú cnáimhe droma agus struchtúrtha, ríomhairí, printéirí, caibinéid sonraí, painéil paiste |
| | | Córas bainistithe foirgneamh | Córas bainistithe foirgneamh/rialaitheoirí ar chornaí gaothráin, stáisiún seachtrach, príomhchóras rialtóra ag a bhfuil ríomhaire (ceannmhol), cáblú is gá, comhlaí rialaithe, braiteoirí le haghaidh staidreamh teochta |
| | | Giniúint chúltaca leictreachais | Soláthar cumhachta dobhriste (UPS), giniúint chúltaca, soláthar ceallraí, gineadóirí fuireachais laistigh den líne foirgnimh |
| | | Brath dóiteáin agus aláram | Córais aláraim dóiteáin lena n-áirítear brath, cáblú, |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | painéal comhraic dóiteáin agus aonad glao deiridh |
| | Seirbhísí agus trealamh tógála: Giniúint fuinnimh in-athnuaite ar an láthair | Fuinneamh in-athnuaite - giniúint leictreach ar an láthair agus suite san fhoirgneamh | Painéal gréine, inbhéartóir, tuirbín gaoithe, foirgneamh tuirbíní uisce suiteáilte i bhfoirgneamh nó laistigh de lorg an fhoirgnimh |
| | | Fuinneamh in-athnuaite - stóráil ar an láthair | Ceallra laistigh de lorg an fhoirgnimh |
| | Seirbhísí agus trealamh tógála: Suiteálacha córais sábháilteachta beatha, breosla agus gluaiseachta | Córas spré-uiscithe | Píopaí, cinn, comhlaí, umar, píobán, caidéil |
| | | Córais comhraic dóiteáin | Ardúch tirim agus fliuch, hiodrant, laistigh de lorg an fhoirgnimh ainmnithe, rialuithe/braiteoirí gaothaire oscailte uathoibríoch, córas sochta dóiteáin |
| | | Cosaint tintrí / nascadh talmhaithe | Seoltóir tintrí, slata talmhaithe |
| | | Suiteálacha breosla | Gach soláthairtí breosla seachas soláthairtí leictreacha, aon ní atá pumpáilte nó brúchóirithe. Trealamh gáis: nasc, méadar gáis, brúrialtán, píopaí, comhlaí. Umar stórála breosla ar an láthair, stórais thirime. Tarathair. |
| | | Ardaitheoir, cathaoir staighre, ardán ardaithe | Áireofar córais maidir le hardaitheoir, cathaoir staighre, ardán ardaithe. Áireofar cumhacht chuig na córais sin i suiteálacha leictreacha |
| | | Staighrí beo agus cosáin bheo | Áireofar córais le haghaidh staighrí beo agus cosáin beo. Áireofar cumhacht chuig na córais sin i suiteálacha leictreacha |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Seirbhísí agus trealamh tógála: Córais diúscartha dramhaíola | Córais diúscartha dramhaíola speisialaithe agus chomhchoiteanna | Loisceoir dramhaíola agus aon chóras le haghaidh sruthanna dramhaíola agus suiteáil diúscartha |
| | | Obair ilchodach, obair réamhdhéanta agus iloibríochtaí le haghaidh 'Seirbhísí agus trealamh tógála'[10] | |
| Oibreacha seachtracha<br><br>(Roghnach) | Bóithre, cosáin, pábháil agus dromchlaí eile seachtracha atá oiriúnach do thrácht daoine nó d'fheithiclí atá laistigh de limistéar na dáileachta tógála | Bóithre agus cosáin atá deartha le haghaidh trácht coisithe nó feithiclí | Áireofar ullmhú oibreacha fo-bhunáite lena n-áirítear cóireáil, leagan, leibhéalú, grádú agus dlúthú |
| | | Cosáin | Réamhscreamh, coincréit *in situ* lena n-áirítear foirmeánacht, treisiú, naisc, scannáin dhraenála/fiailí, colbhaí, ciumhaiseanna, gabhálais, marcanna pábhála/bóthair/páirceanna spóirt a chuirtear ar dhromchla, bailchríocha saoirsithe. e.g.:<br><br>- Bailchríoch macadaim nó asfailt<br><br>- Saoirseacht, pábháil, tíleanna, duirleoga, seiteanna<br><br>- Gairbhéal, sliseanna cloiche, sliseanna adhmaid<br><br>- Matra féir pollta<br><br>- Dromchlaí atá deartha le haghaidh clóis súgartha, spóirt nó úsáidí speisialaithe eile<br><br>- Gach córas is gá chun draenáil agus/nó maolú uisce dromchla a bhainistiú<br><br>- Céimeanna, staighrí agus rampaí (lena n-áirítear |
| | | Pábhálacha agus dromchlaí boga atá deartha le haghaidh trácht coisithe | |

10 Aon daingneán, feisteas nó eilimint eile a chuirtear isteach nó a chuirtear i bhfeidhm in éineacht leis na seirbhísí, córas agus bonneagar foirgnimh ach nach n-áirítear cheana faoi iontrálacha sonracha sa Tábla 4 seo nó in áiteanna eile.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | fostruchtúr, foirmiú agus bailchríoch dheiridh) lasmuigh den líne foirgnimh ainmnithe |
| | Feistis agus daingneáin sheachtracha chun spásanna lasmuigh, teorainneacha agus criosanna limistéar an láithreáin tógála a theorannú agus chun críoch aeistéitiúil | Fálú seachtrach | Áireofar adhmad, miotal, coincréit, fálú saoirseachta, ráillí, geataí, ballaí, mionbhallaí atá seachtrach agus nach cuid d'imchlúdach teirmeach an fhoirgnimh iad agus atá nua<br>Áireofar bacainní ar fheithiclí agus ar choisithe a bhfuil gá leo chun luchtú sonrach a ghlacadh chun críoch cosanta, mar aon le geataí gaolmhara<br>Áireofar ceanglais maidir le fostruchtúr, comhpháirteanna, cuaillí, feistí, earraí iarainn, gabhálais amhail cóipeálacha, trealamh cumhachtaithe, rialuithe agus bailchríocha deiridh<br>Áirítear leis an gcatagóir seo ballaí coinneála nach cuid den fhoirgneamh iad, a fhoirmítear de ghnáth as coincréit, adhmad nó saoirseacht, lena n-áirítear na ceanglais uile maidir le fostruchtúr/píleáil, cré threisithe, riachtanais draenála, scannáin, comhpháirteanna, fosúcháin, gabhálais amhail cóipeálacha, ailt, leasaithigh, bailchríoch deiridh, gaibiúin |
| | | Ráillí seachtracha | |
| | | Ballaí seachtracha | |
| | | Daingneáin sheachtracha | Troscán sráide láithreáin lena n-áirítear geataí (i gcás nach cuid d'fhálta ná de bhacainní iad), geataí casta, mullaird dho-aistrithe/infhillte/inbhainte, |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | suíocháin, binsí, boird, coimeádáin bruscair/grin, taispeántais póstaer/cláir fógra, seastáin/seideanna rothair, treochomharthaíocht, cuaillí brataí, trealamh seachtrach spóirt/clóis súgartha, miondroichid coise, stadanna bus, ionaid dídine, boscaí teileafóin, boscaí poist, dealbha/oibreacha seachtracha ealaíne, gnéithe uisce ornáideacha lena n-áirítear aon fhostruchtúr, umair, comhpháirteanna, píobánra, rialuithe agus trealamh is gá |
| | Seirbhísí foirgníochta seachtracha.<br>*Nóta ginearálta: sa chatagóir seo tá na seirbhísí uile nach bhfuil daingnithe don fhoirgneamh nó nach bhfuil freastal déanta orthu lasmuigh de lorg an fhoirgnimh* | Draenáil sheachtrach | Uisce bréan/uisce dromchla/draenáil talún faoi bhun na talún agus os cionn na talún, ón gcéad dúnpholl lasmuigh de bhalla iata an fhoirgnimh, an nasc séarachais nó pointe sceite eile (mar shampla, saoráid chóireála séarachais ar an láthair). Áireofar freisin trinsí, píblínte, feistis, leapacha, aislíonadh, cliabháin, tacaí, naisc, silteáin agus grátaí (ar bhóithre, mar shampla). Stáisiúin chaidéalaithe pacáistithe, pointí sceite/cinn asraon, bratuithe deiridh, cainéil réamhdhéanta, cuasáin, dúnphoill, cainéil, poill shúite, linnte camrachta, aonaid idircheapóra peitril. Áireofar freisin aon athrú, aon oibreacha deisiúcháin, aon líonadh nó aon ghlanadh ar chórais draenála, dúnphoill agus grátáí atá ann cheana. Áireofar freisin suiteálacha |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | a bhaineann le córais draenála uirbeacha inbhuanaithe (nach bhfuil plandaithe), Draenáil leachtanna guaiseacha amhail ceimiceáin agus dramhaíl leachtach thionsclaíoch |
| | | Seirbhísí seachtracha – uisce | Córais soláthair uisce phíopaithe lena dtugtar uisce ó phríomhlíonra an ghnóthaire reachtúil go dtí an pointe iontrála isteach san fhoirgneamh, lena n-áirítear dáileadh chuig pointí úsáideoirí seachtracha (mar shampla, gléasra agus trealamh seachtrach agus hiodraint dóiteáin). Hiodraint dóiteáin/athchúrsáil uisce báistí/athchúrsáil uisce léith lasmuigh de líne foirgnimh ainmnithe. Áireofar umair, píbobair, téamh riain, insliú, naisc freisin |
| | | Seirbhísí seachtracha – leictreachas | Dáileadh leictreachais ardvoltais ó sholáthar an ghnóthaire reachtúil chuig stáisiún claochladáin ar an láthair, dáileadh leictreachais ísealvoltais ón gclaochladán ar an láthair chuig painéal an phríomhlascthrealaimh |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | laistigh den fhoirgneamh agus suiteálacha seachtracha chun leictreachas a sholáthar, lena n-áirítear gineadóirí éigeandála nó fuireachais. Cáblaí, sreangú, cláir, truncáil, clúdaigh rochtana, naisc, dáileadh, trinsí, claiseanna, fostáisiúin phacáistithe/chlaochladáin, suiteálacha soláthair dhobhriste cumhachta |
| | | Seirbhísí seachtracha – gás | Córais soláthair gáis nádúrtha phíopaithe a thógann gás ó phríomhlíonra an ghnóthaire reachtúil go dtí an méadar gáis; agus gás peitriliam leachtaithe (GPL) a thógáil ó shoithí stórála seachtracha go dtí an pointe dáileacháin, lena n-áirítear soláthar gáis príomhlíonra agus dáileadh an tsoláthair gáis chuig pointí úsáideoirí seachtracha (mar shampla, chuig gléasra seachtrach agus trealamh seachtrach). Áireofar dáileadh, clúdaigh rochtana, naisc, trinsí, claiseanna, umair stórála/buidéal freisin |
| | | Seirbhísí seachtracha – teileachumarsáid agus a leithéid | Córais teileachumarsáide, teilifís chábla, an t-idirlíon agus córais chumarsáide eile a nascadh ó sholáthar gnóthaire reachtúil nó soláthraí seirbhíse eile leis an bpríomhphointe dáileacháin laistigh den fhoirgneamh. Áireofar freisin cáblaí, sreangú, cláir, truncáil, clúdaigh rochtana, naisc, dáileadh, trinsí, claiseanna |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Seirbhísí seachtracha – stóráil breosla | Córais stórála breosla sheachtraigh agus córais dáiliúcháin phíopaithe. Umair stórála agus soithí lasmuigh den fhoirgneamh, agus córais soláthair phíopaithe lena ndáiltear ola, peitreal nó díosal ó umair stórála nó ó shoithí go dtí an pointe iontrála laistigh den fhoirgneamh nó chuig gléasra seachtrach agus trealamh seachtrach. Áireofar freisin dáileadh, caidéil, comhlaí, insliú, clúdaigh rochtana, naisc, trealamh faireacháin, trinsí, claiseanna, umair stórála/buidéal |
| | | Seirbhísí seachtracha – soilsiú | Córais soilsithe sheachtraigh láithreáin/sráide lena n-áirítear le haghaidh limistéir coisithe, cosáin, bóithre, comharthaí tráchta soilsithe, soilsiú seachtrach. Áireofar freisin cáblaí, sreangú, cláir, truncáil, clúdaigh rochtana, naisc, dáileadh, trinsí, claiseanna, rialtáin agus na fearais solais/lampaí féin, lena n-áirítear soilsiú le haghaidh páirceanna spóirt |
| | | Seirbhísí seachtracha – córais slándála | Córais slándála lena n-áirítear TCI, cuaillí ceamara, soláthairtí cumhachta seachtracha ginearálta le haghaidh trealamh slándála agus soilsiú slándála sonrach |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Obair ilchodach, obair réamhdhéanta agus iloibríochtaí le haghaidh 'seirbhísí foirgníochta seachtracha'[11] | |
| | Foirgnimh sheachtracha[12] | Foirgnimh bheaga choimhdeacha | Foirgnimh bheaga choimhdeacha sheachtracha ar leithligh a bhaineann leis na córais foirgnimh agus le gnáthfheidhmiú an fhoirgnimh agus na rochtana ar an láithreán, lena n-áirítear tithe coire, foirgnimh fhostáisiúin, foirgnimh stórála breosla, stóras rothar, seideanna, aonaid stórála agus bothanna cosanta |
| | | Struchtúir pháirceála neamhspleácha[13] | Struchtúir os cionn talún nó faoi thalamh atá le húsáid go heisiach nó go comhroinnte ag áititheoirí foirgnimh |
| | | Obair ilchodach, obair réamhdhéanta agus iloibríochtaí le haghaidh 'foirgnimh sheachtracha'[14] | |

11 Aon daingneáin, feistis nó eilimintí eile atá bainteach le suiteáil uisce, gáis, leictreachais, téimh, aerála, draenála os cionn talún, teileachumarsáide agus seirbhísí eile, lena n-áirítear duchtanna, bratuithe cosanta, poill, sealanna, muinchillí, clúdaigh, cosc dóiteáin, lipéadú, agus boinn, etc., nach n-áirítear in aon áit eile.

12 Tagraíonn sé d'fhoirgnimh atá lasmuigh den fhoirgneamh measúnaithe agus neamhspleách ó thaobh struchtúir de, ach atá suite laistigh de chúirtealáiste an fhoirgnimh mheasúnaithe agus seirbhísiú á dhéanamh ar áititheoirí an fhoirgnimh mheasúnaithe agus/nó ar chórais theicniúla agus bonneagar foirgnimh measúnaithe. Tuigfear gurb ionann neamhspleáchas struchtúrach agus easpa fotha chomhroinnte agus eilimintí struchtúracha ualachiompartha eile.

13 Ní mheasfar gur foirgnimh sheachtracha iad saoráidí páirceála a roinneann eilimintí struchtúracha agus a thagann faoi chlúdach an struchtúir foirgnimh ach ina ionad sin gur cuid den fhoirgneamh iomlán iad, agus ar an gcaoi sin áirítear a limistéir charbóin corpraithe, carbóin oibríochtúla agus urláir ghaolmhara san anailís. Os a choinne sin, i gcás struchtúir pháirceála neamhspleácha a mheastar a bheith ina bhfoirgnimh sheachtracha, féadfar a gcarbón corpraithe agus a gcarbón oibríochtúil gaolmhar a chur san áireamh san anailís, ach ní ina n-achar urláir. I gcásanna ina bhfuil saoráid pháirceála ina cuid de struchtúr comhroinnte idir níos mó ná foirgneamh amháin, is aon mheasúnú amháin a bheidh i gcoimpléasc iomlán na bhfoirgneamh, nó leithdháilfear tionchair charbóin leabaithe agus achar urláir na saoráide páirceála ar bhonn sciartha coibhneasta na spásanna páirceála a ainmnítear ar gach foirgneamh.

14 Aon daingneáin, feistis nó eilimintí eile a bhaineann le tógáil foirgneamh seachtrach nach n-áirítear in aon áit eile.

## 8. TORTHAÍ GWP AR FEADH SAOLRÉ

Chun torthaí dheimhniú feidhmíochta fuinnimh an fhoirgnimh a thuairisciú, déanfar GWP ar feadh saolré an fhoirgnimh a thuairisciú i bhformáid thrédhearcach, ina léireofar torthaí do gach céim saolré ar a laghad i gcomhréir le Tábla 5.

Tábla 5 Nochtadh an GWP ar feadh saolré i ndeimhniú feidhmíochta fuinnimh an fhoirgnimh

| | Céim an táirge (A1-A3) | Céim an phróisis tógála (A4-A5) | Úsáid, cothabháil, céim athsholáthair (B1-B4) | Céim na húsáide fuinnimh oibríochtúla (B6) | An chéim deireadh ré (C1-C4) | Acmhainneacht athúsáide, athchúrsála, aisghabhála (D1) | Tairbhí agus ualaí féideartha ó fhóntais onnmhairithe (mar shampla, fuinneamh leictreach, fuinneamh teirmeach, uisce inólta) (D2) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| GWP iomlán[15] | | | | | | | |

[15] Is ionann GWP-iomlán agus suim GWP iontaise, GWP bithghineach agus GWP maidir le húsáid talún agus an t-athrú ar úsáid talún.